SAN AONAD SEO

Foghlaimeoidh tú conas:

- Labhairt faoi do lóistín;
- Ceisteanna a chur ar dhaoine faoina lóistín féin;
- Labhairt faoi obair an tí.

Díreofar an na míreanna seo gramadaí:

- An t-ainm briathartha;
- Uimhir iolra an ainmfhocail.

A: STÓR FOCAL

1. Féach ar an stór focal seo thíos a bhaineann le cúrsaí tithíochta agus áiteanna cónaithe. Bí ag obair leis an duine atá in aice leat agus déanaigí iarracht aistriúchán Béarla **agus** uimhir iolra na bhfocal a aimsiú le chéile. Téigh go dtí www.focloir.ie más gá.

	Uimhir Uatha	Béarla	Uimhir iolra
a)	árasán	apartment	árasáin
b)	teach scoite		
c)	teach leathscoite		
d)	teach sraithe		
e)	gairdín		
f)	garáiste		
g)	díon		
h)	doras tosaigh		
i)	dhá stór / trí stór		
j)	bloc árasán		
k)	teach feirme		
l)	teach tuaithe		
m)	eastát tithíochta		

2. Cum féin, le cúnamh ó na daoine atá i do ghrúpa, ceisteanna atá oiriúnach do na freagraí thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

	Ceist	Freagra
a)	Cén saghas tí ina bhfuil tú ag cur fút?	Árasán atá ann.
b)		Tá sé suite ar imeall an bhaile mhóir.
c)		Níl, tá sé amuigh faoin tuath.
d)		Ní hea, teach scoite atá ann.
e)		Tá sé mór go leor.
f)		Tá gairdín breá mór ann.
g)		Tá trí sheomra codlata ann
h)		Tá. Tá na comharsana go deas
i)		Is maith liom an ceantar go mór!

TEG B1 Aonad 3
An Teach: Gach scil

3. Déan iarracht na frásaí úsáideacha Gaeilge atá sa Wordwall seo a mheaitseáil leis an leagan Béarla. Beidh siad cabhrach agus tú ag cur síos ar do theach do dhaoine eile:

	Gaeilge		Béarla
1.	Tá sé ceart go leor.	a.	The rent is far too high.
2.	Is breá liom é.	b.	It's too small.
3.	Is aoibhinn liom é.	c.	It's handy/convenient.
4.	B'fhearr liom a bheith i mo chónaí in áit éigin eile.	d.	I'm happy enough with it
5.	Táim sásta go leor leis.	e.	It's not big enough.
6.	Tá sé róbheag.	f.	It's cosy.
7.	Níl sé mór go leor.	g.	I'd prefer to be living elsewhere.
8.	Tá an cíos i bhfad ró-ard.	h.	The neighbours are lovely.
9.	Tá sé lárnach.	i.	I love it.
10.	Tá sé áisiúil.	j.	I'd like to move somehere else.
11.	Tá sé teolaí.	k.	I really like it.
12.	Tá na comharsana go deas.	l.	It's damp and cold.
13.	Ba mhaith liom bogadh go dtí áit éigin eile.	m.	It's alright.
14.	Tá sé tais agus fuar.	n.	It's central.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14

4. Féach ar an bpictiúr seo den árasán atá ag Ciara i mBéal Feirste. Bí ag obair leis an duine atá in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos:

a) Cad iad na seomraí atá san árasán?
b) Cad iad na seomraí nach bhfuil ann, a bheadh i dteach níos mó?
c) Cuir an uimhir cheart in aice le gach rud sa phictiúr.
   1. fuinneog
   2. urlár
   3. teilifíseán
   4. cófra
   5. cathaoir uillinne
   6. lampa
   7. cuirtíní
   8. leaba
   9. doras
   10. tolg
   11. sorn
   12. doirteal
   13. reoiteoir
   14. leithreas
   15. cithfholcadh

Scríobh síos anseo
aon fhocal atá in easnamh
ón liosta, dar leat:

5. Labhair leis an duine atá in aice leat faoi do theach/d'árasán idéalach – faoi na seomraí ar fad a bheadh sa teach agus troscán ar bith speisialta a bheadh agat ann.

6. Cuir na hainmfhocail thuas, 1-15, san uimhir iolra. Cad atá ar eolas agat faoi ainmfhocail san uimhir iolra?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

B: CLUASTUISCINT

Sula n-éistfidh sibh le Ciara, le Cara agus le Seán ag labhairt faoina lóistín, féachaigí ar na focail agus ar na frásaí seo. An bhfuil a fhios agaibh cad is brí leo?

ag cur fúm	árasán	ar cíos
d'aistrigh mé	tiarna talún	trealamh
mo theach féin	Tá a lán oibre le déanamh	Tá orm...

1. **Éisteacht:**
   Éist leis an dá mhír anois agus freagair na ceisteanna thíos.

a) Tá an chéad chailín ag roinnt árasáin lena cara

Fíor	
Bréagach	

b) Bhog Ciara ar ais go Baile Átha Cliath mar níor thaitin Gaillimh léi.

Fíor	
Bréagach	

c) Tá sí an-mhíshásta go bhfuil sí ina cónaí sa bhaile arís.

Fíor	
Bréagach	

d) Bhí Seán ag íoc cíos an-daor agus ní raibh sé sásta leis an tiarna talún nuair a bhí sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath.

Fíor	
Bréagach	

e) Tá árasán ceannaithe aige i nGaillimh.

Fíor	
Bréagach	

f) Cuir tic leis na tascanna ar fad atá le déanamh ag Seán chun an teach a fheabhsú.

Tá crainn agus plandaí le cur.	
Tá fuinneoga nua le cur isteach.	
Tá an gairdín le réiteach.	
Caithfidh sé díon nua a chur air.	
Caithfidh sé leapacha nua a cheannach.	
Tá an trealamh cistine ar fad le ceannach.	

2. **'Ag cur fúm'** – cén ghné den ghramadach í seo? Scríobh féin agus an duine atá in aice leat an chuid eile den liosta, i ngach pearsa: fúm, fút...

3. An bhfuil bealaí eile agat le 'I'm living' a rá?

C: LÉAMHTHUISCINT: CÚRSAÍ LÓISTÍN (A)

Léigh an dá phíosa thíos ina bhfuil daoine ag caint faoina lóistín. Glac féin agus an duine atá in aice leat sealanna chun an dá phíosa a léamh, agus cuardaígí focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh ar www.focloir.ie.

1.	Clár
	Tá mise ag cur fúm sa bhaile le mo thuismitheoirí. Síleann daoine áirithe go bhfuil sé sin aisteach mar go bhfuil mé bliain is fiche d'aois ach tá mé ag freastal ar an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus tá sé ródhaor árasán a fháil ar cíos sa chathair. Tá a lán buntáistí ag baint le bheith sa bhaile chomh maith. Bíonn an teach te i gcónaí agus ní chaithfidh mé billí gáis ná leictreachais a íoc. Bíonn an dinnéar réidh i gcónaí ar a sé a chlog. An t-aon mhíbhuntáiste amháin a bhaineann le bheith i mo chónaí sa bhaile ná nach bhfuil mé ábalta daoine a thabhairt abhaile liom. Ní féidir liom, i ndáiríre, cóisirí ar bith a bheith agam.
a) An bhfuil Clár sásta sa bhaile, dar libh?	
b) An dóigh leat go bhfuil sé aisteach go bhfuil sí fós ina cónaí sa bhaile agus í 21 bliain d'aois?	

2.	Peadar
	Táimse i mo chónaí i dteach leathscoite in eastát tithíochta i mbaile mór i gCo. Chill Dara le mo chéile agus ár mbeirt leanaí. Bhogamar isteach sa chomharsanacht trí bliana ó shin agus tar éis blianta fada a chaitheamh ag maireachtáil i dtithe ar cíos, táimid fíorshásta gur éirigh linn an teach seo a cheannach. Tá an chomharsanacht go hálainn; tá an ceantar ciúin agus glan agus tá spás mór spraoi ann do na leanaí. Tá na comharsana an-chairdiúil agus cabhrach agus is minic a thagaimid le chéile go sóisialta. Tá an teach féin go breá ach beidh go leor oibre le déanamh air amach anseo – is seanteach é! Ach táimid ag pleanáil faoi láthair agus ag sábháil airgid. Tá obair mar sin fíorchostasach na laethanta seo.
a) Cén difear a dhéanann sé don duine seo nach bhfuil siad ina gcónaí i dteach ar cíos níos mó?	
b) An dóigh leat go mbeadh an t-eastát seo go maith do dhuine óg singil atá ina c(h)ónaí ina theach féin den chéad uair?	

3. Bí ag obair leis an duine atá in aice leat arís agus féachaigí ar na boscaí thíos. An dtuigeann sibh na focail? Cé na téarmaí gramadaí lena mbaineann focail atá sna colúin éagsúla? Scríobhaigí sna bearnaí (A, B agus C) iad.

A:	B:	C:
Bhí / Tá	Compordach	An cíos
D'aistrigh mé	Deas	An tiarna talún
Bhog mé	Go breá	An teas lárnach
Cheannaigh mé / Chaith mé	Áisiúil	An chathair
Chuaigh mé	Lárnach	An baile
Tháinig mé	Go hálainn	An tuath
	Daor / Saor	An teach
		An t-árasán

C: LÉAMHTHUISCINT: CÚRSAÍ LÓISTÍN (B)

Léifidh tú thíos faoi dhaoine éagsúla atá ag iarraidh lóistín nua a fháil. Déan iarracht na daoine a mheaitseáil leis an lóistín is mó a oireann dóibh.

Daoine	Lóistín
1. Tá mé féin, m'fhear céile agus ár leanaí – beirt chailíní agus buachaill amháin – ag lorg tí faoi láthair. Ba mhaith linn go leor spáis a bheith againn don teaghlach agus don mhadra mór atá againn. Níor mhaith linn a bheith inár gcónaí in eastát tithíochta.	a) Teach leathscoite in eastát tithíochta.
2. Tá colscaradh faighte agam ó m'fhear céile le tamall agus ba mhaith liom mo spás féin a bheith agam anois. Níor mhaith liom go mbeadh sé róbheag agus beidh seomra breise ag teastáil do mo mhac nuair a thiocfaidh sé ar cuairt.	b) Teach scoite faoin tuath ar shuíomh mór.
3. Tá mé féin agus mo pháirtí ag iarraidh bogadh isteach le chéile agus tá an t-airgead againn le teach a cheannach le chéile. Nílimid cinnte an mbeidh páistí againn ach ba mhaith linn cúpla seomra codlata breise agus gairdín a bheith againn, ar eagla na heagla!	c) Seomra ar fáil i dteach in aice leis an gcoláiste. Duine ciúin ag teastáil.
4. Táim ag fágáil an bhaile den chéad uair chun a dhul go dtí an ollscoil agus táim ag lorg seomra i dteach a mbeidh mic léinn eile ann. Ba mhaith liom teach a bheidh suaimhneach agus a mbeidh mo sheomra féin agam ann.	d) Árasán dhá sheomra codlata.

1.	2.	3.	4.

D: RÓLIMIRT

Beidh tú ag déanamh plé, le do pháirtí, ar do lóistín ar ball beag agus beidh tú ag baint úsáid as an eolas atá sna táblaí thíos. Sula dtosóidh tú, caith tamall ag ullmhú na gceisteanna a chuirfidh tú ar do pháirtí.

- **Cuir ceisteanna iomlána i gcónaí!**
  Mar shampla: 'Cén saghas lóistín atá agat?' nó 'Cén saghas tí ina bhfuil tú i do chonaí? '
- Déan forbairt ar do chuid freagraí, chomh fada agus is féidir.
- Beidh do mhúinteoir in ann cabhrú leat agus tabharfaidh sí/sé Ról A nó Ról B do gach duine sa rang.

Ról A

Saghas lóistín? Teach leathscoite in eastát tithíochta

Cén fhad? 5 bliana – do theach féin – cheannaigh tú é

Costas? €1500 sa mhí

Daoine eile ann? Páirtí agus leanaí

Cé chomh mór? Réasúnta – 4 sheomra codlata (oifig i gceann) – cistin bheag – síneadh ag teastáil

Rudaí a thaitníonn leat? In aice leis na háiseanna – comharsana deasa – ciúin suaimhneach sábháilte

Aon rud nach dtaitníonn leat? Gairdín rómhór – obair le déanamh – easpa ama!

Ról B

Saghas lóistín: Árasán i mbloc ar imeall na cathrach

Cén fhad? Bliain amháin – ar cíos

Costas? €1800 sa mhí – an-chostasach

Daoine eile ann? Cara ón obair

Cé chomh mór? Beag – 2 sheomra codlata – seomraí beaga – níl aon ghairdín ann

Rudaí a thaitníonn leat? In aice le lár na cathrach – is féidir siúl gach áit – glan agus geal

Aon rud nach dtaitníonn leat? Níl aon ghairdín ann – easpa spáis do chuairteoirí!

E: SCRÍOBH

1. Beidh tú ag scríobh píosa gearr ar ball beag faoi do theach nó d'árasán idéalach. Sula dtosóidh tú, caith tamall ag obair leis na daoine eile atá i do ghrúpa agus féachaigí ar an gceist agus ar na freagraí samplacha atá sa ghreille.

- An bhfuil tú sásta le do lóistín faoi láthair?
- An féidir libh cur leis na frásaí seo? Scríobh tuilleadh sa ghreille, más féidir!

Míshásta	Sásta go leor	Sásta
Níl. Tá sé ar cíos agam agus tá an cíos ródhaor. Ó nílim pioc sásta! Tá sé tais agus gruama.	Táim réasúnta sásta ach ba mhaith liom teach eile a cheannach. Sásta go leor ach tá sé an-bheag.	Is aoibhinn liom é. Is breá liom ciúnas na tuaithe. Tá na comharsana an-deas ar fad. Tá sé te agus compordach.

2. Cuntas Gairid

Anois, smaoinigh ar an áit a bhfuil tú féin i do chónaí. Scríobh cuntas gairid anseo, thart ar 100 – 120 focal, ar do theach/d'árasán agus na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leat faoi.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

3. Ríomhphost

Bhog tú isteach i dteach nua sa chathair, le do chairde, le déanaí. Cuir ríomhphost 150-180 focal chuig do chara ag cur síos air.

Bíodh eolas faoi na rudaí seo sa ríomhphost:

- an cineál tí atá ann;
- na seomraí atá ann;
- na háiseanna atá in aice leis an teach;
- an rud is mó a thaitníonn leat faoi;
- rud amháin nach maith leat faoi.

F: FEASACHT TEANGA

Tá teach nua ceannaithe agat. Tá pictiúir thíos de na rudaí ar fad atá le déanamh agat go fóill sa teach. Roghnaigh an t-ainmfhocal agus an briathar ceart ó na boscaí le cur síos a dhéanamh ar gach pictiúr.

Ainmfhocal	Briathar
(na) soithí	a cheannach
(an) teach	a ní
(an) sconsa	a phéinteáil
(na) plandaí / crainn	a chur
(an t-) inneall níocháin	a dheisiú
(an) díon	a thógáil
(an t-) urlár	a dhéanamh
(an) obair	

1. Scríobh abairtí bunaithe ar na pictiúir agus ar an bhfoclóir thuas. Tosóidh gach abairt le 'Caithfidh mé', mar shampla, 'Caithfidh mé an gairdín a réiteach'.

1.
2.
3.
4.
5.
6.
7.
8.

2. Féach ar an struchtúr seo anois:

- Tá gairdín **le réiteach** agam.
- Tá balla **le tógáil** agam.

Bain úsáid as an struchtúr seo anois leis na habairtí sa cheacht thuas a rá arís ar bhealach eile. Scríobh amach na habairtí.

1.
2.
3.
4.
5.
6.
7.
8.

3. An bhfuil aon rud le déanamh agat féin sa bhaile an deireadh seachtaine seo?
Inis don duine atá in aice leat faoi do chúraimí tí agus cad eile a bheidh ar siúl agat ag an deireadh seachtaine.

G: MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				

Ceist(eanna) atá agam go fóill:

2: Líon isteach na heochairfhocail ón aonad seo:

	Gaeilge	Béarla		Gaeilge	Béarla
1.			16.		
2.			17.		
3.			18.		
4.			19.		
5.			20.		
6.			21.		
7.			22.		
8.			23.		
9.			24.		
10.			25.		
11.			26.		
12.			27.		
13.			28.		
14.			29.		
15.			30.		

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

AN SCRIPT

Tá an traic ar fáil anseo: https://www.teg.ie/_fileupload/mp3/teagasc/B1/complete/03.mp3

1.

Cara: Hi a Chiara, cén chaoi a bhfuil tú? Cá bhfuil tusa ag cur fút anois?
Ciara: Tá mé i mBéal Feirste. Tá árasán ar cíos agam féin agus Eibhlín ansin. Tá sí sin ar an Ollscoil liomsa chomh maith. Agus cá bhfuil tú féin i do chónaí?
Cara: Tá mise i mBaile Átha Cliath go fóill. Bhí mé ar an Ollscoil i nGaillimh ach d'aistrigh mé abhaile, ní raibh dúil ar bith agam san Ollscoil ansin.
Ciara: Tá Clár s'againne sa bhaile chomh maith agus tá sí breá sásta. Ní chaithfidh sibh a bheith ag déileáil le tiarna talún gach mí.
Cara: Tá an ceart ar fad agat agus bíonn dinnéar deas réidh gach tráthnóna i ndiaidh na hollscoile.

2.

Bhíos i mo chónaí in árasán i mBaile Átha Cliath ar feadh tamall fada. Cé nach raibh an cíos ró-ard agus cé go raibh an tiarna talún go breá bhíos ag iarraidh mo theach féin a cheannach. Cheannaíos teach i nGaillimh bliain ó shin agus tá a lán oibre le déanamh agam go fóill leis. Caithfidh mé díon nua a chur air, rud atá ana-chostasach! Chomh maith leis sin tá an gairdín le déanamh agam, tá orm crainn agus plandaí a chur. Ach is é an rud is mó atá le déanamh agam go fóill is dócha ná an trealamh ar fad a cheannach – inneall níocháin, niteoir soithí agus a leithéid.

FREAGRAÍ

A: STÓR FOCAL

1.

a) Árasán	**Apartment**	**Árasáin**
b) Teach scoite	**Detached house**	**Tithe scoite**
c) Teach leathscoite	**Semi-detached house**	**Tithe leathscoite**
d) Teach sraithe	**Terraced house**	**Tithe sraithe**
e) Gairdín	**Garden**	**Gairdíní**
f) Garáiste	**Garage**	**garáistí**
g) Díon	**Roof**	**díonta**
h) Doras tosaigh	**Front door**	**Doirse tosaigh**
i) Dhá stór / Trí stór	**Two storey / Three storey**	**-------**
j) Bloc árasán	**Apartment block**	**Blocanna árasán**
k) Teach feirme	**Farmhouse**	**Tithe feirme**
l) Teach tuaithe	**Country house**	**Tithe tuaithe**
m) Eastát tithíochta	**Housing estate**	**Eastáit tithíochta**

2.

Cén saghas tí ina bhfuil tú ag cur fút?	Árasán atá ann.
Cá bhfuil do theach? **Cá bhfuil do theach suite?**	Tá sé suite ar imeall an bhaile mhóir.
An bhfuil sé sa bhaile mór? **An bhfuil sé gar don chathair?** **An bhfuil sé cóngarach don bhaile mór?**	Níl, tá sé amuigh faoin tuath.
An teach leathscoite é? **An teach sraithe é?**	Ní hea, teach scoite atá ann.
Cé chomh mór is atá sé?	Tá sé mór go leor.
An bhfuil spás agat taobh amuigh?	Tá gairdín breá mór ann.
Cé mhéad seomra codlata atá ann?	Tá trí sheomra codlata ann
An bhfuil comharsana maithe agat?	Tá. Tá na comharsana go deas
An maith leat an áit a bhfuil cónaí ort?	Is maith liom an ceantar go mór!

4.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14
m	k	i	g	d	b	e	a	n	c	f	h	j	l

5.(a) seomra folctha, cistin, seomra leapa
(b) Samplaí: seomra suí/suite, seomra aíochta, oifig, seomra staidéir, garáiste, seomra fóntais, áiléir

5. (c)



7.

fuinneog = **fuinneoga**
urlár = **urláir**
teilifíseán = **teilifíseáin**
cófra = **cófraí**
cathaoir uillinne = **cathaoireacha uillinne**
lampa = **lampaí**
cuirtíní = **cuirtíní**
leaba = **leapacha**
doras = **doirse**
tolg = **toilg**
sorn = **soirn**
doirteal = **doirtil**
reoiteoir = **reoiteoirí**
leithreas = **leithris**
cithfholcadh = **cithfholcthaí**

B: CLUASTUISCINT

2. **(a)** Bréagach
(b) Bréagach
(c) Bréagach
(d) Bréagach
(e) Bréagach
(f) Tá crainn agus plandaí le cur/Tá an gairdín le réiteach/Caithfidh sé díon nua a chur air/Tá an trealamh cistine ar fad le ceannach.

3. fúm, fút, faoi, fúithi, fúinn, fúibh, fúthu

C: LÉAMHTHUISCINT (A)

A= briathar
B= aidiacht
C= ainmfhocal

C: LÉAMHTHUISCINT (B)

1	2	3	4
b	d	a	c

F: FEASACHT TEANGA

1.

1. Caithfidh mé plandaí a chur.
2. Caithfidh mé inneall níocháin a cheannach.
3. Caithfidh mé an teach a phéinteáil.
4. Caithfidh mé sconsa a thógáil etc.
5. Caithfidh mé na soithí a ní.
6. Caithfidh mé an díon a dheisiú.
7. Caithfidh mé an t-urlár a ní/phéinteáil/dheisiú.
8. Caithfidh mé an obair a dhéanamh.

2.

1. Tá plandaí le cur agam.
2. Tá inneall níocháin le ceannach agam.
3. Tá an teach le péinteáil agam.
4. Tá sconsa le tógáil agam.
5. Tá na soithí le ní agam.
6. Tá an díon le deisiú agam.
7. Tá an t-urlár le ní/péinteáil/deisiú agam.
8. Tá an obair le déanamh agam.